

Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre



An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre



100,000 100,000 100,000 100,000 100,000

Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre



“Is próiseas deonach rúnda í an idirghabháil a thugann an deis do dhá pháirtí nó níos mó i ndíospóid a gcoinbhleacht a réiteach ar bhealach comhthoilteanach le cúnamh tríú páirtí neodraigh, an t-idirghabhálaí”

Soláthraíonn Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais réiteach tapa rúnda éifeachtach ar choinbhleachtaí, díospóidí agus easaontais san ionad oibre. Tá an idirghabháil san ionad oibre oiriúnach go háirithe do dhíospóidí lena mbaineann daoine aonair nó grúpaí beaga oibrithe. Seo a leanas samplaí de dhíospóidí dá leithéid sin:

- Difríoachtaí idirphearsanta, coinbhleachtaí, deacrachtaí a bhaineann le hobair a dhéanamh le chéile
- Cliseadh ar ghaolmhaireacht oibre
- Saincheisteanna a thagann chun solais mar thoradh ar nósanna imeachta casaoide agus araíonachta (go háirithe roimh don ábhar a bheith ina shaincheist araíonachta)
- Saincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch nach raibh faoi réir tarchuir chuig Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta nó an tSeirbhís Chomhréitigh, an Chúirt Oibreachais nó comhlacht reachtúil eile um réiteach díospóide.

Conas a oibríonn Idirghabháil san Ionad Oibre?

Tugann an idirghabháil deis do na daoine sin atá páirteach ann chun díriú ar na saincheisteanna, chun roghanna a scrúdú agus chun teacht ar thoradh infheidhme trí mhodh comhthoilteanach. Tá an próiseas solúbtha agus féadtar é a chur in oiriúint ag brath ar imthosca aonair ach go bunúsach díríonn sé ar an deis a thabhairt do gach duine aonair lena mbaineann a dtaobh féin den scéal a thabhairt agus ar obair a dhéanamh leis an bpáirtí eile chun teacht ar réiteach. D’fhéadfadh gurb é meascán comhchruinnithe nó cruinnithe leis an idirghabhálaí amháin a bheadh i gceist leis an bpróiseas. Díríonn an próiseas iomlán ar gach duine atá páirteach ann a bheith ar a gcompond leis an bpróiseas agus ar iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar réitigh fhéideartha. Ar roinnt príomhphrionsbal a rialaíonn an próiseas, áirítear:

- **Is próiseas deonach atá ann** – ní féidir leis leanúint ar aghaidh ach amháin má bhíonn gach taobh toilteanach páirt a ghlacadh ann. Is féidir le haon duine tarraingt siar ag céim ar bith má theastaíonn sé sin uathu
- **Tá sé faoi rún** – is próiseas príobháideach rúnda a chuirtear ar fáil do na páirtithe mura aontaítear a mhalairt. Méadóidh muinín na bpáirtithe mar thoradh air seo agus beidh siad in ann a gcuid tuairimí a chur in iúl chun iniúchadh a dhéanamh ar réitigh gan dochar dóibh
- **Is próiseas tapa atá ann** – tarlaíonn sé chomh luath is a cheadaíonn sceidil srl.
- **Díríonn sé ar réiteach** – is é cuspóir an tionscadail teacht ar réiteach infheidhme comhthoilteanach ar an gcoinbhleacht nó ar shaincheist na difríochta.
- **Is próiseas neamhchlaonta atá ann** – bíonn an t-idirghabhálaí neamhchlaonta agus ní ghlacann sé taobh amháin ná taobh eile.

Roinnt Buntáistí a bhaineann leis an Idirghabháil san Ionad Oibre

- Is deis é chun fadhb a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil neamhchomhraic
- Bíonn smacht ag na daoine atá páirteach go díreach ann ar réiteach na ceiste. Beidh baint acu le forbairt na réitigh agus mar gheall air sin tá gach aon dealramh air go mbeidh an toradh níos fearr agus go mairfidh sé ar feadh tréimhse níos faide
- Cruthaíonn sé áit sabháilte inar féidir le gach taobh a rud féin a rá agus ina n-éistfear leo
- Tá acmhainneacht aige go mbeidh ráta ard de chásanna a n-éireoidh go maith leo agus go mbeidh torthaí dearfacha ag baint leis nuair atá páirtithe fíorthiománta do réiteach a fháil
- Díríonn an idirghabháil ar ghaolmhaireachtaí oibre na ndaoine lena mbaineann sa todhchaí
- Ní bheidh sé mar an gcéanna le seirbhísí eile réiteach díospóide.

An Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tá freagracht ghinearálta ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais caidreamh tionsclaíoch maith a chur chun cinn in Éirinn. Ina fhianaise sin, cuireann sé réimse cuimsitheach seirbhísí caidrimh tionsclaíoch ar fáil, lena n-áirítear comhairle, réiteach coinbhleachta (comhréiteach, éascaíocht agus idirghabháil) agus cosc coinbhleachta. Tá na blianta de thairbhí againn ar pháirt a ghlacadh sa réiteach ar choinbhleachtaí san ionad oibre lena mbaineann grúpaí beaga agus grúpaí móra fostaithe i bhfontair/seirbhísí éagsúla. Tá soláthar na Seirbhíse Idirghabhála san Ionad Oibre leagtha amach chun freagairt eifeachtach oiriúnaithe a sholáthar ar shaincheisteanna a thagann chun cinn in ionaid oibre na hÉireann inniú.

Is iad oifigigh Sheirbhísí Comhréitigh agus Comhairleacha an Choimisiúin a bhfuil scileanna acu agus a bhfuil sainstaidéir/sainoilíúint ar an Idirghabháil san Ionad Oibre déanta acu a sheachadann an tSeirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre.

Cad a tharlaíonn má fhagtar díospóid gan réiteach i ndiaidh na hidirghabhála?

Díríonn seirbhís idirghabhála an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ar chúnamh a thabhairt do pháirtithe chun go mbeidh siad in ann plé go héifeachtach le saincheisteanna a thagann chun cinn san ionad oibre. Ní leagann rannpháirtíocht san idirghabháil oibleagáid ar aon pháirtí tiomantas a thabhairt do nós imeachta ar bith eile sa chás go bhfuil an fhadhb fágtha gan réiteach i ndiaidh na hidirghabhála.

Má fhágtar an aon fhadhb gan réiteach tabharfaidh an t-idirghabhálaí cúnamh do na páirtithe chun teacht ar chomhaontú ar chomhbhealach chun leanúint ar aghaidh maidir leis na saincheisteanna.

Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre

Conas a dhéanaim iarratas le haghaidh Idirghabhála?

Ba chóir go hidéalach, go ndéanfaí gach iarratas le haghaidh idirghabhála ar bhonn comhpháirteach. Oibreoidh an próiseas níos fearr nuair is mian leis an dá pháirtí réiteach a fháil ar shaincheist agus nuair a chomhaontaíonn siad gurb í an idirghabháil an modh is fearr chun teacht ar an réiteach sin.

Ina ainneoin sin, déanfaidh an Coimisiún iarracht comhaontú a chinntiú chun páirt a ghlacadh san idirghabháil nuair nach bhfuil ach páirtí amháin tar éis an idirghabháil a lorg. Is próiseas deonach atá ann, áfach, agus ní feidir leis an gCoimisiún brú a chur ar aon duine freastal air.

Ba chóir gach iarratas le haghaidh idirghabhála a sheoladh chuig:

Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre
An Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Ba chóir go gcuirfeadh gach iarratas le haghaidh idirghabhála ainm agus sonraí teagmhála (lena n-áirítear uimhreacha gutháin) an dá pháirtí, an líon daoine atá. Tá foirmeacha iarratais caighdeánacha ar fáil ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais nó ónár láithreán Gréasáin ag www.lrc.ie